

Die Fremde

(When We Leave) A film by Feo Aladag

Winner of the European Parliament Film Prize – LUX Prize 2010

BELGIQUE / BELGIE - BRUXELLES / BRUSSEL

БЪЛГАРИЯ - СОФИЯ

ČESKÁ REPUBLIKA - PRAHA

DANMARK - KØBENHAVN

DEUTSCHLAND - BERLIN

EESTI - TALLINN

ÉIRE / IRELAND - DUBLIN

ΕΛΛΑΔΑ - ΑΘΗΝΑ, ΘΕΣΣΑΛΟΝΙΚΗ

ESPAÑA - MADRID, BARCELONA

FRANCE - PARIS, MARSEILLE, STRASBOURG

ITALIA - FIRENZE, MILANO

ΚΥΠΡΟΣ - NICOSIA

LATVIJA - RĪGA

LIETUVA - VILNIUS

LUXEMBOURG - LUXEMBOURG

MAGYARORSZÁG - BUDAPEST

MALTA - VALLETTA

NEDERLAND - DEN HAAG

ÖSTERREICH - WIEN

POLSKA - WARSZAWA

PORTUGAL - LISBOA

ROMÂNIA - BUCUREȘTI

SLOVENIJA - LJUBLJANA

SLOVENSKO - BRATISLAVA

SUOMI / FINLAND - HELSINKI / HELSINGFORS

SVERIGE - STOCKHOLM

UNITED KINGDOM - MANCHESTER, EDINBURGH, GLASGOW

1 FILM

23 LANGUAGES

27 EUROPEAN COUNTRIES

For the first time ever, one film subtitled or adapted in the 23 official languages of the European Union (EU) screened in all 27 EU countries at the same time (May 2011).

Screenings are by invitation only



luxprize.eu

Brollach

Tá saol cultúrtha na hEorpa sách blúirithe. Á bhríomhara atá sé, is deacair taibhiú an chultúir sin (dealbhóireacht, péintéireacht, ceol, filíocht, damhsa agus litríocht) a leathnú amach taobh amuigh d'áit a dhéanta. Níl ach roinnt ealaíontóirí agus saothar ann a n-éiríonn leo na teorainneacha a thrasnú agus na saothair sin a chur ar fáil do phobal atá i bhfad óna gliabhán ceirde.

Ní heisceacht í an scannánaíocht. Is fíor go dtarraingíonn an scannánaíocht a cumhacht agus a saibhreas as tobar ilghnéitheach na gcultúr agus na dteangacha san Eoraip, fós féin tá an éagsúlacht sin mar laincis uirthi chomh maith. Go deimhin, cuireann teanga bhunaidh scannáin teorainn lena chraoladh sa mhargadh ilteangach.

Sin é go díreach an chastacht a bhaineann le scannáin a scaipeadh san Eoraip, cén chaoi ar féidir an ceann is fearr a fháil ar na srianta teanga agus scannán a thabhairt os comhair an phobail i gcoitinne.

Chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, clúdaíonn Duais LUX, arna bhronnadh ag Parlaimint na hEorpa, an costas a ghabhann le fotheidil a chur ar scannán in ar a laghad 23 theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an leagan bunaidh a chóiriú do dhaoine a bhfuil laigí amhairc nó éisteachta ag gabháil dóibh. Cuirtear cóip dhigiteach nó gnáthchóip ar fáil freisin i ngach ceann de 27 dtír an Aontais.

Tá sé beartaithe an scannán a bhuaigh Duais LUX 2010, *Die Fremde* [An Coimhthíoch] – an chéad mhórsannán

de chuid Feo Aladag – a chraoladh sna 23 theanga oifigiúil agus i 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh i mí na Bealtaine mar chuid d'Fhéile na hEorpa.

Is é atá mar aidhm leis seo ná spás poiblí Eorpach a leagan síos – am agus áit a bheith ann chun go bhféadfaidh tusa, mar aon le saoránaigh eile na hEorpa, léargas a fháil ar shaincheist is cásmhar le cách mar aon leis an deis a bheith agaibh an tsaincheist sin a phlé.

Is iad na coireanna onóra is ábhar do *Die Fremde* [An Coimhthíoch]. Séard atá i gceist leis na coireanna sin, ná foréigean in aghaidh mná nó cailíní – agus gur daoine dá dteaghlach féin go hiondúil a dhéanann an foréigean sin – mar gheall go meastar, i dtuairim an teaghlaigh, gur chuir an bhean nó an cailín 'smál' ar a n-onóir.

Leis seo déantar aontú ar ghníomh, am agus áit chun an deis a thabhairt do dhaoine in áiteanna éagsúla san Eoraip a ndearcadh a roinnt lena chéile agus a dtuairimí a nochtadh ar an ábhar, agus is iarracht é le freagra a thabhairt ar an gceist seo a leanas: *“Cad atá i gceist le bheith i do shaoránach Eorpach i saol an lae inniu?”*

Tá súil againn, agus an scéal faoi Umay agus a mac á leanúint agaibh, go n-aireoidh sibhse na mothúcháin chéanna agus a d'airíomar. Tá súil againn freisin, gur lón machnaimh daoibh an doiciméad seo a leanas agus go gcuirfidh sé leis an díospóireacht phoiblí ar an ábhar seo.

Isabelle Durant
Leas-Uachtarán
Pharlaimint na hEorpa

Stavros Lambrinidis
Leas-Uachtarán
Pharlaimint na hEorpa

Doris Pack
Cathaoirleach an Choiste
um Chultúr agus um Oideachas
i bParlaimint na hEorpa



An Coimhthíoch (Die Fremde)

Buaiteoir Dhuais LUX 2010 arna bhronnadh ag Parlaimint na hEorpa

Scannán de chuid **Feo Aladag**

An Ghearmáin, 2010, 1h59

Aisteoirí: Sibel Kekilli (Umay), Nizam Schiller (Cem), Derya Alabora (an mháthair), Settar Tanriogen (an t-athair), Serhad Can (Acar), Tamer Yigit (Mehmet), Almila Bagriacik (Rana)

Réamhrá

Is í Feo Aladag a scríobh, a léirigh agus a stiúraigh *Die Fremde* (An Coimhthíoch), scannán ina dtéann sí i ngleic le téama uilíoch: an choimhlint idir mian an duine aonair a bheith lánsásta ann féin agus an brú ón teaghlach agus ón tsochaí. Insítear an scéal dúinn faoi bhean óg Turcach, Umay, a thogair saol neamhspleách a chaitheamh, amach ón gcultúr traidisiúnta ina gcaithfidh na mná a bheith umhal do na fir, más iadsan an fear céile, an t-athair nó an deartháir. Tríd an scéal seo a shuíomh in dhá áit, an Ghearmáin (an áit ar chaith Umay a hóige agus mar a bhfilléann sí ar a muintir) agus an Tuirc (mar a raibh cónaí uirthi le muintir a fir tar éis phósta di), tugtar spleáchadh dúinn ar an éagsúlacht chultúir san Eoraip. Sa doiciméad seo, cuirtear gnéithe éagsúla den scannán i láthair mar áis don lucht féachana breathnú ar an scannán ó dhearcaí éagsúla:

- **tuairisc ar a bhfuil i gceist**, i ndáiríre, le 'coireanna onóra', mar a thugtar orthu;
- **anailís ar an insint**, go háirithe na gnéithe seo de:

(1) an **choimhlint idir Umay a bheith ag iarraidh saol neamhspleách** a chaitheamh agus **an traidisiún atá á chosaint ag a teaghlach**

(2) **forbairt dhrámaíochta** na hinsinte

(3) an **feimineachas** sa scannán;

- anailís ar chuid de na **gnéithe scannánaíochta** sa léiriú seo de *Die Fremde* (An Coimhthíoch).

Tá na gnéithe éagsúla den anailís sin roinnte i mboscaí téacs anseo thíos, ina ndírítear isteach ar radharcanna áirithe a fhónann chun a insint cad atá ag tarlú agus lena bheith mar ábhar machnaimh.

Táthar ag súil go gcuirfidh na pointí sin a ardaítear leis an díospóireacht ar an scannán.

Cúlra

Coireanna onóra: fírinne
an tsaoil á léiriú mar scannán

D'iarr Amnesty International ar Feo Aladag taighde a dhéanamh ar an bhforéigean in aghaidh na mban chun go bhféadfaidís dhá fhíseán ghearra a chur le chéile chun aird a tharraingt ar an gceist seo. Ar na físeáin sin a bheith críochnaithe, níor imigh an spéis san ábhar seo ó chroí an léiritheora. A mhalaírt glan, bhí i bhfad an iomarca ceisteanna fós le freagairt faoin uafás a dtugtar 'coireanna onóra' go minic orthu sna meáin chumarsáide. Is ar an ábhar sin a shocraigh an léiritheoir a dhul níos doimhne sa scéal. Labhair sí le daoine a d'fhulaing ón gcoireacht seo, agus is as an bhfiosrúchán sin a d'eascair script agus ina dhiaidh sin an mórscannán ficsin.

Cé gur ficsean atá sa scannán *Die Fremde* (An Coimhthíoch), is cuid réalaióch de shaol an lae inniu an foréigean in aghaidh na mban, agus go háirithe na 'coireanna onóra'.

Is é is coir onóra ann, ná foréigean a dhéanann daoine de theaghlach in aghaidh mná (bean chéile nó iníon) a bhfuil 'smál' curtha ar onóir an teaghlach acu. Ní léir i gcónaí cad go díreach atá i gceist le 'smál ar an onóir', agus braitheann sé cuid mhór ar an tuiscint phearsanta a bhíonn ag duine air, ach is é an gníomh a leanann é ná pionós a chur ar dhuine mar gheall ar iompar mímhóralta, bíodh an t-iompar sin cruthaithe nó gan ann ach drochamhras faoi. Sna cásanna is measa, is é an 'pionós' sin ná an duine a chur chun báis. I gcásanna eile d'fhéadfadh ionsaithe den uile chineál a bheith i gceist (mar shampla, lot nó máchail a fhágáil ar an duine). Maidir leis an iompar 'mímhóralta' féin, d'fhéadfadh sé gur caidreamh gnéis taobh amuigh den phósadh a bheadh i gceist leis, fiú amháin más éigníú a rinneadh ar an mbean. D'fhéadfadh sé gur diúltú do phósadh socraithe a bheadh ann nó fiú éalú ó dhiansmacht na bhfear sa teaghlach.

Is i measc na bpobal patrarcach i roinnt mhaith tíortha a tharlaíonn na coireanna onóra. Is é nádúr cultúir agus socheolaíoch an chórais phatrarcaigh, agus ní hé an creideamh, a bhíonn in uachtar i measc an dreama a chleachtann coireanna onóra. Tarlaíonn sé go bhfuil an córas patrarcach le fáil go minic sna pobail Mhoslamacha, ach ní féidir 'na coireanna onóra' a bhualadh anonn ar an gcreideamh Ioslamach. Ní mór béim a chur ar an méid seo: gur iarsma é de shaol ársa ina mbíonn na mná agus na cailíní faoi smacht seasta ag na fir sa teaghlach.

Deir na Náisiúin Aontaithe go ndéantar 5,000 coir onóra in aghaidh na bliana, ach is dócha gur airde go mór fada an méid coireanna den chineál seo a dhéantar

dáiríre. Tá sé an-deacair líon na gcásanna a mheas de bhrí nach sceitear scéala i gcónaí agus nach ndéantar an cion a ionchúiseamh. Is minic gur timpiste nó féinmharú an chulaith a chuirtear air. D'fhéadfadh sé go mbeadh an iomarca náire ar fhulaingeoirí nó ar na daoine a bhaineann leo labhairt faoi, nó d'fhéadfaidís a bheith faoi bhagairt. Tharlódh sé freisin nach measann na fulaingeoirí gur íospartaigh iad, ach go gcreideann siad gurb iad féin a rinne rud as bealach agus go bhfuil an pionós tuillte acu.

Is féidir breathnú ar scéal Umay, príomhcharachtar an scannáin, mar chineál fíocháin de mhórán scéalta agus dá bhrí sin is léiriú maith ar na ceisteanna seo é.

Anailís ar an scéal

An choimhlint idir an lánsástacht phearsanta agus an traidisiún cultúrtha

Trí bheart a dhéanamh de réir a mianta, is léiriú maith í Umay ar an idéal atá go mór i gceist ag na sochaithe 'forbartha', is é sin lánsástacht phearsanta. Go deimhin tá 'gach rud' uaithi: saorthoil maidir le leanbh a bheith aici nó gan a bheith (chuaigh sí faoi obráid ghinmhilte ag tús an chláir), imeacht óna fear céile nach bhfuil grá aige di (nó nach bhfuil a thuilleadh), filleadh ar an nGearmáin chun cónaí ann, a dhul ag staidéar ansin, obair a fháil, saol neamhspleách a chaitheamh, casadh ar leannán nua, a mac a choimeád léi agus, chomh maith leis sin ar fad, grá agus gean a muintire a bheith aici i gcónaí.

Is í máthair Umay, agus í ag smaoinreamh ar a cás féin, a deir léi ar dtús go bhfuil sí ag iarraidh an iomarca: 'An iomarca atá uait ... Cuir díot na brionglóidí sin'. Deir sí freisin go bhfuil sé sa saol go gcaithfidh bean agus máthair go leor a thabhairt suas. Ach ní aontaíonn Umay beag ná mór léi sa mhéid sin.

Is cinnte nach bhfuil sé éasca ag Umay – bean a d'fhás aníos sa Ghearmáin mar ar chleacht sí luachanna shocháin larthair – a admháil go gcaithfidh sí íobairt a dhéanamh. Is léir gur geal léi idéal na lánsástachta agus go bhfuil fúithi maireachtáil de réir a mianta. Á dhéanamh sin di, tá sí ag cur in aghaidh a teaghlach féin, ar mór acusan an traidisiún ina gcaithfidh na mná géilleadh do mhianta na bhfear.

Go deimhin, is cosúil gurb é an t-idéal atá i réim i dteaghlach Umay, agus níos ginearálta sa phobal lena mbaineann sí, nach foláir a bheith mar chuid de ghrúpa ina bhfuil a áit féin leagtha amach do chách, go háirithe de réir inscne. San idéal sin, is é a bhfuil de shaoirse ag an duine aonair urraim a thabhairt d'údarás níos airde: an teaghlach, an reiligiún maille lena thoirmisc agus ceannas na bhfear. Is deacair leis an teaghlach glacadh leis go bhfuil a fear fágtha ag Umay, fiú amháin agus

fios acu go raibh sé á bualadh. Ach is é an rud nach féidir glacadh beag ná mór leis, i súile an phobail, ná gur thug Umay a mac léi agus nach dtoilíonn sí é a 'thabhairt ar ais' don athair.

Má tá Umay ceanndána, tá a teaghlach chomh ceanndána céanna; agus tá an teaghlach chomh mór sin faoi anáil ag dearcadh an phobail gurb é an gníomh is foréigní ar bith a leanann as.

D'fhéadfaí a rá go bhfuil dhá thuiscint ar an saol ag teacht trasna ar a chéile sa choimhlint seo: tuiscint amháin a thugann tús áite don duine aonair agus dá mhianta, agus an tuiscint eile ar tábhachtaí léi an pobal agus eagar an phobail sin. Sin ar bhealach an rud atá á rá ag Gül (fostóir Umay) nuair a deir sí: 'Ach má chaitheann siad rogha a dhéanamh idir an pobal Turcach agus tú féin, ní tusa a roghnóidh siad.'

An dul chun cinn drámaíochta: ón ngrá go dtí an ghráin

Ón tráth a bhfillleann Umay ar a muintir i mBeirlín go dtí deireadh an scannáin nuair a fhéachann a cuid deartháireacha lena marú, is creimeadh tragóideach ar shaol an teaghlach atá le feiceáil againn. Is le séan agus grá a chuireann muintir Aslan fáilte roimh Umay agus a mac Cem nuair a thagann siad go Beirlín. Is gearr go mbíonn an sonas sin ina bhuaireamh, nuair a deir Umay nach bhfillfidh sí ar a fear sa Tuirc. Bíonn an teaghlach ag iarraidh a chur i gcéill dóibh féin gur mearbhall atá ar Umay agus nach fada go dtiocfaidh 'ciall' aici. Ach tá Umay diongbháilte sa seasamh a ghlacann sí agus diúltaíonn sí éisteacht le comhairle (agus orduithe ina dhiaidh sin) a tuismitheoirí. Tar éis dá muintir iarracht a dhéanamh Cem a bhreith abhaile chuig a athair, teitheann Umay ón mbaile agus fágtagar í ar an trá fholamh, séanta ag a muintir. Ach nuair a éiríonn léi an saol neamhspleách a bhí uaithi a chleachtadh, agus é ar intinn aici socrú síos le fear eile, féachann a hathair agus a deartháireacha lena marú. Is ar mhodh caolchúiseach a fhorbraítear an ghné dhrámaíochta. I dteannta leis an gcoimhlint seo idir Umay agus a teaghlach, tá an choimhlint idir grá an teaghlach agus an t-áitiús phearsanta. Tráth amháin nó eile sa scannán, tá cruacheist achrannach ag dó na geirbe do gach duine de mhuintir Aslan: tá grá acu d'Umay agus Cem, ach ní féidir leo teacht chun réitigh leis an seasamh atá á ghlacadh ag an mbean óg.

Tá an t-athair é féin de shíor idir dhá stól: léiriú go bhfuil grá aige dá iníon, agus gean aige di, nó pionós a chur uirthi agus í a shéanadh; dhá mheon freasúracha, ach go mbíonn iarrachtaí ar chomhrá 'réasúnta' agus athchaidreamh ag teacht go dromchla amanna. Feictear é ag cóiriú na leapa dá iníon, ag gáire ina teannta os comhair na teilifíse, ag breathnú amach uirthi tríd an bhfuinneog, ag cur deireadh leis an iarracht a rinneadh Cem a fhuadach, ag iarraidh

uirthi maithiúnas a thabhairt dó. Ach feictear freisin é á bualadh agus á maslú; feictear é ag fáil faoi réir le páirt a ghlacadh i bhfuadach mac a iníne, é ag dúnadh doras a thí uirthi agus ar deireadh an t-ordú á thabhairt aige í a mharú.

Is soiléire atá an chorraíl aigne seo le feiceáil san athair, ach tá sé le sonrú i mbaill eile an teaghlaigh chomh maith; fiú amháin Mehmet, an duine is crua díobh go léir, caoineann sé tar éis comhchomhairle an teaghlaigh lenar cinneadh Umay a mharú. Tá Acar, an mac is óige, é féin á bhocáil idir maidhmeanna, idir an grá dá dheirfiúr ar láimh amháin agus an brú óna theaghlach agus ón bpobal ar an láimh eile. Tá sé an-ghar d'Umay mar a fheictear sna radharcanna nuair a chasann siad ar a chéile agus an chaoi a gcaitheann siad lena chéile. Ach fós féin, ní féidir leis diúltú don chúram atá curtha air Umay a mharú; gníomh nach féidir leis a chur i gcrích ag an nóiméad deireadh, áfach. Tá codarsnacht níos mó le sonrú i gcarachtar Rana. Tá an cailín óg seo, atá dúnta i ngrá lena leannán óg, iontach sásta a deirfiúr is sine a fheiceáil arís agus a rún a scaoileadh léi, ach fuaraíonn sí ina haghaidh nuair a chuireann Umay fainic uirthi faoin ngrá nach bhfuil teist an ama leis, agus go háirithe nuair a chuireann mianta neamhspleáchais Umay a pósadh féin i mbaol. Maidir le máthair Umay, is uirthise, b'fhéidir, is mó a luíonn an bhróg. Is ise is mó atá curtha trína chéile ag an scéal seo, cé nach bhfuil sé le sonrú chomh follasach sin. Tá sí deighilte idir an gean agus an comhbhá ar láimh amháin (beireann sí barróg ar a hiníon nuair a fheiceann sí rianta na mbuillí ar a corp, tugann sí buachloch di lena cosaint agus bíonn sí cailte le himní nuair a fhágann Umay an teach) agus míshástacht agus fearg ar an láimh eile (féachann sí lena hintinn a athrú, bíonn fearg uirthi léi, cuireann sí ina leith go bhfuil onóir an teaghlaigh scriosta aici agus tá sí i láthair nuair a dhéantar iarracht Cem a fhuadach). Mar mháthair, is cinnte go ngoilleann cás a hiníne uirthi, ach mar bhean, dá n-aontóidh sí go raibh an ceart aici ní bheadh ciall ná brí a thuilleadh leis an méid ab éigean di féin a thabhairt suas.

An ghné fheimineach

Le saol neamhspleách a ghlacadh chuici féin mar a mbeidh sí féin i gceannas ar an gcineál saoil a chaitheann sí, tá Umay go hintuigthe ag maíomh go bhfuil na cearta céanna ag na mná agus atá ag na fir. Más ann don chomhionannas sin go teoiriciúil agus le dlí, ní mar sin atá sa saol mór. Chomh maith leis sin, tá pointe soiléir feimíneach á dhéanamh i scannán seo Feo Aladag sa mhéid go bhfeictear mian Umay a bheith saor agus sa chaoi a seasann na carachtair ban sa scannán seo le chéile. Maidir le ceannas na bhfear, léirítear é sin sa chomhrá idir na carachtair fir agus, go hintuigthe, leis an tábhacht atá le carachtar Cem, i.e. mac Umay.

Timpeallacht phatrarcach

Más fíor gur sonas agus grá atá roimh Umay nuair a fhilleann sí ar a muintir sa Ghearmáin, athraíonn na mothúcháin sin go dtí imní agus fearg de bharr a cinnidh gan filleadh ar a fear céile. Ní cheadaítear do bhean a cinniúint féin a roghnú dá saorthoil féin. Ní deirtear amach díreach go bhfuil an toirmeasc sin ann. Tá sé seo le feiceáil againn sa chomhrá idir Umay agus a hathair, mar a gcuireann sí i gcoinne caint a hathar, á mheabharrú dó go raibh focal molta aige faoi Uncail Bekir i gcónaí as a dhul a bhealach féin. Is é freagra a hathar: nach féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. 'Cén fáth?' a deir sise. 'Mar nach mar a chéile é. Sin uile!' a áitíonn a hathair agus leis sin cuirtear deireadh leis an gcomhrá.

Fiú murar féidir leis an athair saorchead na bhfear agus an dualgas atá ar na mná a bheith umhal d'údarás na bhfear a rá os ard, is rílítear gur ann do cheannas na bhfear.

Tá go leor gnéithe eile den scannán ar an gcaoi chéanna. Cuirtear comhairle ar dtús ar Umay, ina dhiaidh sin cuirtear toirmeasc uirthi: 'is in éineacht le d'fhear céile is ceart duit a bheith,' nó 'ná coinnigh do mhac óna athair.' Mar gheall ar a dhiongbháilte atá Umay, deir a hathair gur trua leis nach mar mhac dóibh a rugadh í.

Ar an láimh eile, déanann fir an teaghlaigh de réir na rialacha a mheasann siad atá ceart. Tugann an t-athair clabhta dá mhac Acar mar nach bhfuil sé á iompar féin 'mar a dhéanfadh fear', téann na fir chuig an mosc in éineacht, tagann siad i ndáil chomhairle lena chéile chun cinntí tábhachtacha a ghlacadh. Sula dtagann an crú ar an tairne, lorgaíonn an t-athair comhairle ar sheanfhear.

Tá comharthaí sóirt le léamh freisin sa ról atá ag Cem, mac Umay. D'fhéadfaí talamh slán a dhéanamh de go mbeadh cúrsaí difriúil ar fad dá mba chailín beag a bhí ann. Tá mionsonraí áirithe ann, áfach, ar beag tábhacht atá leo; mar shampla an aird a thugann a sheanathair air agus go mbíonn a uncail Mehmet ag súgradh leis, nó gurb iad an bheirt sin a thugann leo go dtí an mosc é (ar samhail é de bheith á ghlacadh isteach go hoifigiúil i saol na bhfear). Ach is cinnte nach mbeadh sé chomh riachtanach céanna Cem a thabhairt ar ais dá athair dá mba chailín a bhí ann. Ar deireadh, an drochghníomh a cuireadh in aghaidh na máthar, Umay, (gur fhuadaigh sí an mac óna athair), is gníomh é a bhfuil glacadh go fonnmhar leis nuair a dhéanann an t-athair é, óir go raibh tuismitheoirí Umay rannpháirteach san iarracht fuadaigh an babhta seo.

Dlúthpháirtíocht na mban

Sa chomhthéacs patrarcach, tá a gcumann féin ag na mná. I measc na gcleamhnaithe: insíonn Umay a rún do bhean a dearthár faoin nginmhilleadh. Bhí sise féin páirteach san eachtra sa mhéid gur thug sí aire do Cem

an t-achar a bhí an ginmhilleadh á dhéanamh. Nuair a fhilleann Umay ar a tuismitheoirí i mBeirlín, insíonn sí dá máthair agus dá deirfiúr, Rana, nach bhfuil sé i gceist aici filleadh ar a fear céile, cé nach dtugtar le fios láithreach d'athair an teaghlaigh go bhfuil sé ar intinn ag Umay fanacht leo go cinnte.

Is bean, Carmen, a chuireann fáilte roimh Umay isteach sa teach tearmainn ina lorgaíonn sí dídean. Tá radharc sa scannán ina mbreathnaíonn an bheirt ar a chéile agus gur féidir an comhbhá a léamh in aghaidh Carmen agus an buíochas in éadan Umay. Níos deireanaí sa scannán, is í a cara Atife a ghlacann isteach í ina teach sise.

Ach is í an carachtar ban is láidre a léiríonn an dlúthpháirtíocht seo, gan dabht ar bith, bainisteoir na bialainne ina bhfuil Umay ag obair. Go deimhin, labhraíonn sí ar son Umay lena tuismitheoirí. Á dhéanamh sin di, tugann sí caint uathí atá cróga agus fíor-fheimineach. Ar an gcéad dul síos, diúltaíonn sí do chaint an athar a mhaíonn gurb í Umay nach bhfuil ag iarraidh an teaghlach a fheiceáil a thuilleadh. Ansin, iarrann sí ar an athair a bheith mar dhea-shampla dá chlann uile mar go ndéanann a chlann mhac mar a dhéanann seisean. Deir sí freisin go bhfuil sé de dhualgas air breathnú amach dá chlann go léir agus cuireann sí i gcéill dó go bhféadfadh sé a mhac a chailleadh chomh maith. Ina dhiaidh sin, ar bhealach an-chaolchúiseach, labhraíonn sí ar an tábhacht atá le ról an athar agus go samhlaítear di go bhféadfadh sé an cinneadh mícheart a dhéanamh. Léiríonn sí an misneach atá aici nuair a théann sí chun cainte le hathair an teaghlaigh, agus chomh maith leis sin léiríonn sí a cumas taidhleoireachta ina áitiú di an tábhacht atá lena ról mar eiseamláir dá chlann. Ar deireadh, agus í ag fágáil teach na dtuismitheoirí – gan aon rath ar an gcomhrá leis an athair – féachann sí ar mháthair Umay, amhail agus go raibh sí ag rá léi: 'is tusa a bhean chéile, féachfaidh tusa lena thabhairt ar mhalairt intinne'. Cuireann an t-athair beannacht Dé léi ar dhul amach an doras di, ach is é an freagra a thugann sise go lánchinnte di féin – go deimhin mar dhúshlán – nach bhfuil baint ar bith ag Dia leis an ábhar atá faoi chaibidil acu.

4.6. Saoirse agus féinchinntiúchán

Ag breathnú ar an scéal seo ó thaobh Umay de, táthar as súil go nglacfaidh an lucht féachana a taobh agus go mbeidh comhbhá acu leis na mianta atá aici. Tá tuiscint ag formhór an lucht féachana, gan dabht, don bhean óg seo agus measann siad gur rud dlisteanach é an mian atá aici a bheith saor.

Fiú amháin agus go bhfuil tuairim mhaith againn de na deacrachtaí atá amach roimpi, is cruthúnas é a dhiongbháilte atá sí ar chomh tréan agus atá sí mar dhuine. Déanann sí rudaí a bhfuil siombalachas an-láidir ag baint leo, mar shampla a pas a dhó chun

go mbeadh sé dodhéanta – nó ar a laghad an-deacair – filleadh ar an Tuirc. Nuair a bhíonn argóint fhíochmhar ag a hathair léi, áit a ndeir sé go bhfuil sé i gceist aige Cem a thabhairt ar ais do Kemal, tarraingíonn sí scian chuici féin agus bagraíonn sí é. Níos deireanaí, tagann sí i láthair ag bainis a deirfiúr Rana, cé nach bhfuil cuireadh chun na bainise sin faighte aici. Tar éis í a chaitheamh amach as halla na bainise, filleann sí ina dhiaidh sin féin lena rá gur cheart go mbeadh glacadh lena mac ann. Téann sí suas ar an ardán agus dearbhaíonn os comhair an tslua go bhfuil a fhios aici gur chuir sí 'smál ar onóir' a teaghlaigh.

Tá mian seo na saoirse ag Umay le feiceáil freisin sa chaoi a ndiúltaíonn sí do na horduithe go léir: cinnte na horduithe óna teaghlach atá ag iarraidh go bhfillfeadh sí féin agus a mac ar a fear céile, ach freisin orduithe ó chúramaí sa tearmann a deir léi nár cheart di aon teagmháil a bheith aici a thuilleadh lena teaghlach. Níl aon ghlacadh ach an oiread aici leis an gcomhairle a chuir Atife uirthi, gur cheart di an dlí a chur ar a deartháir Mehmet.

Taispeánann an póstaer don scannán Umay (radharc ar a héadan ón taobh) agus í ag léiriú urraim dá hathair trína baithis a leagan anuas ar dhroim a láimhe. Nuair a fhilleann an t-athair ar an teach an lá a dtagann Umay, déanann Cem an rud ceannann céanna lena sheanathair, rud a théann i gcion go mór orainn. Is éard atá á rá ag an seanathair leis sin: tá súil agam go mbeidh meas ortsa freisin.

Conas a nascaimid an radharc seo leis an teachtaireacht atá á tabhairt sa scannán? Cad a deir an radharc seo faoi luachanna an teaghlaigh? Tar éis deireadh an scannáin, an féidir tuiscint eile a léamh as an radharc seo?

Ag bainis Rana, tar éis Umay a chaitheamh amach den chéad uair, filleann sí agus labhraíonn sí amach go poiblí lena rá gur cheart go mbeadh glacadh lena mac Cem mar dhuine den teaghlach. Is gníomh dána é sin a léiríonn, go paradacsach, a laige atá Umay. Nuair a tharlaíonn an méid sin, éiríonn an t-athair ina sheasamh, tógann sé céim chun tosaigh, ach ansin déanann sé staic. Cuireann Mehmet deireadh leis an gcur isteach seo ar an mbainis, trí Umay a chaitheamh amach le neart a láimhe. ***Samhlaigh nár stop an t-athair sa radharc sin, meas tú cad a bhí i gceist aige a dhéanamh? Cén toradh a bheadh air sin?***

Sa chomhthéacs patrarcach ina bhfuil an scéal seo lonnaithe, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil bás buachalla níos goilliúnaí ná bás cailín. In ionad an fhadhb a réiteach, rinneadh an scéal i bhfad níos measa nuair a mharaigh Mehmet an buachaill trí thimpiste.

I do thuairimse, cén chaoi ar athraigh an eachtra seo na carachtair éagsúla agus an caidreamh eatarthu? Cén deireadh a bheadh ar an scéal dá mba rud é go n-éireodh le Mehmet a sprioc a bhaint amach: Umay a mharú agus Cem a choinneáil ina bheatha?

Scannánaíocht den chéad scoth

Úsáidtear roinnt teicnící scannánaíochta in *Die Fremde* (An Coimhthíoch) a chuireann an lucht féachana ag smaoineamh, amhail íomhánna dorcha, blúiriú agus gan rudaí intuigthe a rá amach díreach. Is teicnící iad sin a thugann orainn ceisteanna a chur, talamh slán a dhéanamh de phointí áirithe, tuiscint ar leith a bhaint as radharcanna éagsúla agus amanna tuiscint eile a bhaint astu ina dhiaidh sin. Cuireann na teicnící sin le héifeachtacht an scannáin; tarraingítear aird an lucht féachana agus coinnítear aird an lucht féachana.

Tosaíonn an scannán le radharc as deireadh an scéil (cé nach bhfuil a fhios againn é sin go dtí deireadh an scannáin féin) agus fágann sé sin ag tomhas muid ar go leor bealaí.

Leis an scáileán dubh, cloistear guth linbh ag rá ‘a mhama’. Díreach ina dhiaidh sin feicimid bean óg agus fear óg – a ndroim linn – agus iad ag siúl an bhóthair le hais a chéile. Nuair a dhírítear isteach ar aghaidh an fhir óig, feictear dúinn go bhfuil rud éigin ag cur as dó, go bhfuil sé corraithe. Léiríonn an bhean óg, a bhfuil leanbh ina baclainn aici, go bhfuil gean aici don fhear óg: muirníonn sí a dhroim lena lámh. Ansin, stopann seisean. Siúlann sise cúpla céim chun cinn, sula gcasann sí timpeall agus feiceann sí go bhfuil gunna dírithe ag an bhfear óg uirthi. Bristear isteach ansin ar leanúnachas na scannánaíochta agus is é an chéad íomhá eile atá le feiceáil againn ná an fear óg (d’uireasa an ghunna) á thabhairt do na boinn síos an bóthar. Feictear arís é, rite as anáil, istigh ar an mbus. Is ansin a fheiceann seisean rud éigin ag tarlú taobh amuigh, rud a tharraingíonn a aird agus a fhágann ag stánadh é.

Ardaíonn an oscailt seo go leor ceisteanna. Cé a dúirt na focail ‘a mhama’? Cad é an comhthéacs atá leis na focail sin? Cé hiad na daoine sin atá ag gabháil an bhóthair? Cén bhaint atá acu lena chéile? Cén fáth go bhfuil an bhean óg á bagairt ag an bhfear óg, cé gur cosúil go bhfuil aithne mhaith acu ar a chéile? Cén fáth go dteitheann sé sa rith? Cad a tharla idir an bhagairt agus teitheamh an fhir óig? Ar scaoil sé fúithi? Cad a tharla don ghunna? Cad a tharraing a aird agus é istigh ar an mbus?

Faightear freagra na gceisteanna sin uile sa chuid deiridh ar fad den scannán.

Baineann sraitheoga eile leas as an mblúiriú agus rudaí intuigthe a fhágáil gan rá. Ceann de na sraitheoga is suntasaí díobh sin is ea an turas chun na Tuirce, arb é an chéad radharc ann ná íomhá de bhus faoin tuath. (D’fhéadfaí a cheapadh gurb í Umay atá ann, mar sa ghiota roimhe sin, dúirt sí le Stipe go raibh sí ag caint ar imeacht.) Ach i ndáiríre, is é athair Umay atá tar éis

filleadh ar an Tuirc. Tagann sé go dtí sráidbhaile agus téann isteach i dteachín beag a bhfuil duine amháin ina chodladh ann. Sa radharc ina dhiaidh sin, tá an duine anois ina shuí agus an t-athair ag breathnú isteach san aghaidh air: seanfhear atá ann. Imíonn an t-athair leis ina dhiaidh sin.

Ní deirtear focal ar bith sa tsraitheog seo, níl a fhios againn cé hé an seanfhear ná cad a dúirt an bheirt lena chéile. Faightear amach – nó is féidir linn a dhéanamh amach ina dhiaidh sin – go ndeachaigh athair Umay ag iarraidh comhairle ar ‘sheanóir eagnaí’ (a athair féin, b’fhéidir) maidir leis an bhfadhb a bhí aige lena iníon agus gur chomhairligh seisean dó fáil réidh le hUmay. Is cuid mhór suntais freisin fir an teaghlach ina dtost agus iad i ndáil chomhairle lena chéile, tráth a gcuirtear an cúram ar Acar Umay a mharú. Tá dhá radharc thostacha ann ina dhiaidh sin: Acar sa seomra mar a mbuaileann sé a dhorn ar chófra agus Mehmet ag caoineadh. Maidir leis an radharc san ospidéal ina n-iarrann a hathair maithiúnas ar Umay, is féidir é sin a thuiscint freisin ar dhá bhealach: ceapann Umay (ar nós go leor den lucht féachana gan dabht) go bhfuil an t-athair ag lorg maithiúnais as an gcruachas a ndeachaigh sise tríd, go háirithe í a dhíbirt as an teaghlach, ach i ndáiríre, is i dtaca leis an ionsaí atá le teacht atá an maithiúnas á iarraidh.

Is iad na rudaí nach ndeirtear amach díreach agus an blúiriú a chinntíonn go bhfágtagar ar bís muid, agus is cúiteamh maith ar an easpa focal ardchaighdeán na haisteoireachta, leis na dreacha, na gothaí agus a fheabhas a chuireann na haisteoirí a bpáirt i láthair.

Anne Vervier
Les Grignoux (Liège, Belgique)
www.grignoux.be

les grignoux



Sa bhailiúchán ‘Ecran large sur tableau noir’ [Scáileán mór ar an gclár dubh], foilsíonn Les Grignoux téacsanna oideolaíochta (os cionn 300 teideal) faoin iliomad scannán, ar déanta san Eoraip atá an chuid is mó díobh. Tugann na téacsanna seo, atá ceaptha d’oidí agus do dhaoine ar maith leo scannáin, go leor smaointe bunaidh agus léargas maith ar na scannáin.

